


**Leabhar nua *Faoi Scáil Gheal na hIndia*
scríofa ag Gabriel Rosenstock,
maisithe ag Debiprasad Mukherjee
foilsithe ag *LeabhairCOMHAR***



Is cúis mhór mórtais í do *LeabhairCOMHAR* go bhfuil an chnuasach nua filíochta ***Faoi Scáil Gheal na hIndia*** le Gabriel Rosenstock foilsithe agus ar fáil don phobal anois.

Tugtar léiriú dúinn sa chnuasach seo ar an gcaidreamh atá ag an bhfile leis an India ón gcéad lá ar leag sé súil ar leabhair ar nós *Speaking of Shiva* (Penguin Classics) agus é ina dhéagóir. Tá cuairt tugtha aige ar an India fiche éigin babhta agus freastal déanta aige ar fhéilte litríochta ann in Hyderabad, Goa, Calicut, Thrissur agus áiteanna eile. Idir nuafhilíocht agus dánta a foilsíodh cheana atá sa chnuasach seo; buailimid an athuair leis an gcarachtar Krishnamurphy, agus tugtar spléachadh dúinn ar thraidisiún saibhir filíochta na hIndia san aistriúchán go Gaeilge, nó an ‘traschruthú’ atá déanta ag Gabriel Rosenstock ar sheandánta ón tír sin, ina measc dán le Bhavabhūti ón 8ú haois.

File haiku den scoth is ea é Gabriel Rosenstock, agus tá rannóg ar leith sa leabhar seo de dhánta haiku, a bhfuil grianghraif chumhachtacha, mhealltacha Debiprasad Mukherjee ag gabháil leo.

Sa réamhrá a scríobh Liam Carson don leabhar seo, dar teideal *Gabriel Rosenstock agus na Púcaí Ina Cheann*, insítear dúinn faoin ‘aistear anama’ ar a thabharfar an léitheoir sa chnuasach dánta seo. Filíocht atá lán le ceol atá againn anseo; mar a deir Carson, ‘Filíocht don bhéal agus don chluas atá againn anseo, ní amháin filíocht ar phár, agus mholfainn go mór don léitheoir an saothar seo a léamh os ard’.

‘Sé dúirt Gabriel Rosenstock féin faoin leabhar: ‘Namaste!’

‘Tá an-áthas orainn an chnuasach álainn seo a fhoilsiú agus a roinnt leis an bpobal,’ arsa Deirdre Ní Fhloinn, Feidhmeannach Foilsitheoireachta *LeabhairCOMHAR*. ‘Tá léiriú tugtha ag an bhfile ar an nasc atá cruthaithe aige idir dhá chultúr shaibhre. Spreagfaidh na dánta draíocht, sólás, agus dóchas sna léitheoirí agus iad ar an oilithreacht seo le Gabriel Rosenstock.’

Seoladh an leabhar seo go hoifigiúil Dé Céadaoin, an 3 Nollaig mar chuid de Mhórsheoladh COMHAR.

CRÍOCH

Tuilleadh eolais: leabhaircomhar@comhar.ie / (01) 675 1922 / www.comhar.ie/leabhair

Eolas don eagarthóir:

An leabhar:

Teideal: *Faoi Scáil Gheal na hIndia*

Údar: Gabriel Rosenstock

Maisitheoir: Debiprasad Mukherjee

ISBN: 978-1-7395129-8-9

€14

Dáta foilsithe: Samhain 2025

Foilsitheoir: *LeabhairCOMHAR*

Ar fáil le ceannach ó <https://comhar.ie/leabhair/faoi-scail-gheal-na-hindia/> agus ón Siopa Leabhar (Conradh na Gaeilge). Más díoltóir leabhar tú, déan teagmháil linn ag oifig@comhar.ie nó leis an dáileoir leabhar ÁIS (ais@forasnagaeilge.ie).

An t-údar:

Rugadh Gabriel Rosenstock i gCill Fhionáin, Co. Luimnigh. Cathánach ab ea a mháthair; scríobh Raiftearaí amhrán faoi dhuine dá muintir, Úna Ní Chatháin. Dochtúir teaghlaigh agus fear litríochta as Schleswig-Holstein ab ea a athair. File, fear tanka, fear haiku, gearrscéalaí, údar don aos óg agus aistritheoir é Gabriel.

An maisitheoir:

Is grianghrafadóir faisnéise é Debiprasad Mukherjee as Kolkata na hIndia. Tá gradaim buaite aige ar fud na cruinne dá shaothar. Creideann sé go láidir go bhfuil freagracht air, mar ghrianghrafadóir faisnéise, athruithe sóisialta agus a dtionchar ar an gcine daonna a léiriú. Creideann sé chomh maith gurb í an ghrianghrafadóireacht an uirlis is cumhachtaí le hathruithe agus iompar sóisialta a thaifead thart timpeall an domhain.

COMHAR:

Príomhfhoilsitheoir náisiúnta na Gaeilge is ea COMHAR, atá i mbun ghnó na foilsitheoireachta ó 1942 i leith.

I measc na dtograí atá faoi chúram COMHAR tá,

- *Comhar* - iris mhíosúil na Gaeilge,
- *LeabhairCOMHAR* - inphrionta foilsitheoireachta leabhar,
- *COMHARTaighde* - iris acadúil phiarmheasta bhliantúil.

Tá COMHAR buíoch de Fhoras na Gaeilge, de Chlár na Leabhar Gaeilge, den Chomhairle Ealaíon agus d'Acadamh Ríoga na hÉireann as a dtacaíocht leanúnach sna tograí seo.

LeabhairCOMHAR:

Bunaíodh an t-inphrionta foilsitheoireachta *LeabhairCOMHAR* athuair in 2009 chun nualitríocht agus nuascríbhneoireacht na Gaeilge a fhorbairt, chomh maith le rogha den scoth de scríbhneoirí agus ábhair a chur ar fáil. Tá sé mar aidhm ag COMHAR mar eagraíocht scríbhneoirí úra a earcú agus a chothú ar bhonn leanúnach.

Tuilleadh eolais: comhar.ie/eolas